

An Tumoideachas agus Ról an Mhúinteora Tacaíochta don Ghaeilge

Mícheál S Mac Donncha, Oifigeach Oideachais COGG

&

Philomena Ní Fhlatharta, Scoil Rónáin, An Trá Bháin, Ceantar na nOileán



An Tumoideachas

Na Critéir theanga-bhunaithe:

Bunscoil:

- Clár **lántumtha** dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn
- Cur chuige **lántumtha** a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge

Iar-bhunscoil:

- Leathnú ar an bhfáil ar churaclam trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige **lántumtha**

Tumoideachas i gCuraclam Teanga na Bunscoile

“Tugann an tumoideachas deis do chainteoirí dúchais a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus a fhorbairt, agus tugann sé deis do na páistí sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge nach bhfuil ina gcainteoirí dúchais Gaeilge iad féin a thumadh sa teanga”

Curaclam Teanga na Bunscoile CNCM (2015: 6-7)



Saintréithe an Tumoideachais

Johnson, Swain (1997)

- Múineadh trí mheán an dara teanga (T2)
- Curaclam mar an gcéanna le scoileanna eile an cheantair
- Tacaíocht ar fáil don chéad teanga (T1)
- Páistí leis an gcumas teoranta céanna sa T2
- Ní chloistear mórán den T2 lasmuigh den scoil
- Múinteoirí dátheangacha
- Cultúr na scoile ar aon dul leis an gcultúr áitiúil
- Dátheangachas suimíodh mar sprioc



Luath-thumoideachas

Tumadh sa teanga:

- Gníomhaíochtaí taitneamhacha: Aistear/Rannta
- Sealbhú teanga: Éisteacht/Tuiscint/Athrú/Labhairt
- Luath-oideachas: Fónaic/An Fhóineolaíocht/Stór Focal/Tús na scríbhneoireachta agus na léitheoireachta
- Teanga an ranga/an chlóis/cúram/spraoi
- Aistriú scileanna go dtí foghlaim an Bhéarla



Lán-thumoideachas

- Múineadh gach ábhar trí Ghaeilge
- Múineadh teanga agus deis cleachtadh teanga: Foclóir na n-ábhar: Plean céimniúil á chur i bhfeidhm tríd an scoil
- Obair ghrúpa/bheirte/stáisiúin
- Scileanna/straitéisí teanga trí Ghaeilge
- Seánraí scríbhneoireachta trí Ghaeilge
- Comhrá Gaeilge
- Forbairt na gramadaí
- Caomhnú teanga i scoileanna Gaeltachta do na cainteoirí dúchais



NÓTA TREORACH DO BHUNSCOILEANNA agus d'IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA 2018-19



- **Saibhreas teanga** a chothú i measc na gcainteoirí dúchais mar bhuíon sa seomra príomhshrutha le linn an bhuíonteachais nó ina ngrúpaí aistarraingthe ón rang de réir mar is gá
- **Clár luath-idirghabhála do litearthacht na Gaeilge** a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán i gcomhpháirt leis an múinteoir príomhshrutha.
- Díreofar aird ar leith ar shainriachtanais teanga na gcainteoirí dúchais chomh maith leis na foghlaimeoirí Gaeilge
- Pleanáil i gcomhar leis na múinteoirí príomhshrutha chun clár **idirdhealaithe** litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an tumoideachais



NÓTA TREORACH DO BHUNSCOILEANNA agus d'IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA 2018-19



- **Forbairt a dhéanamh ar theanga chognaíoch** na ndaltaí/scoláirí (i.e. téarmaíocht na n-ábhar éagsúil) chun tacú le teanga ábharbhunaithe sna hábhair churaclaim eile i gcomhpháirt le príomhoide agus le foireann na scoile
- **Tacaíocht a thabhairt don chlár *Aistear*** agus don spraoi samhlaíoch trí mheán na Ghaeilge chun réimse leathan d'eispéiris foghlama a éascú i ranganna na naíonán
- **Tacú le forbairt scileanna léitheoireachta agus saibhriú teanga** na ndaltaí/scoláirí
- **Tacú le forbairt scileanna scríbhneoireachta agus cruinneas teanga** na ndaltaí/scoláirí

NÓTA TREORACH DO BHUNSCOILEANNA agus d'IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA 2018-19



- **Measúnú** foirmitheach/ suimitheach/ diagnóiseach/ caighdeánach a dhéanamh ar chumas teanga na ndaltaí /scoláirí agus a ndul chun cinn a rianú, i gcomhpháirt leis an múinteoir ranga/múinteoir tacaíochta foghlama/múinteoir acmhainne
- **Comhoibriú leis na comhpháirtithe éagsúla** don tacaíocht teanga chun róil na múinteoirí agus na gcúntóirí teanga (sna cásanna ina bhfuil an tseirbhís seo ar fáil don scoil) a chinntiú i dtaca le tacaíocht teanga idirdhealaithe a sholáthar do na daltaí/scoláirí

An Múinteoir Tacaíochta Teanga ar an talamh...

- An comhthéacs oibre
- Líon agus próifíl na scoileanna
- Cáslíon na ndaltaí (cainteoirí dúchais/foghlaimeoirí)
- Cumarsáid leis na scoileanna
- Comhoibriú leis na múinteoirí éagsúla



Sampla de Chleachtas an Mhúinteora Tacaíochta don Ghaeilge (MTG)

**Gníomhaíochtaí foghlama
a eagraíodh do pháistí scoile
le linn na bliana**

Gníomhaíochtaí foghlama don Ghaeilge

1. Stáisiúin Ghaeilge
2. Cluichí le nasc leis an mbrat gníomhach
3. Dúshlán foclóra
4. EIPIC
5. Cluichí clóis

Gníomhaíochtaí foghlama don Ghaeilge

6. Aistear

7. Díospóireacht

8. Rólghlacadh/drámaíocht

9. Nathanna/frásaí nach bhfuil in úsáid sa chaint níos mó

10. Comhrá-réimse leathan bealaí leis na comhráití a dhéanamh

Gníomhaíochtaí foghlama don Ghaeilge

11. Úrscéalta
12. Scríbhneoireacht
13. Tomhais/seanfhocail
14. Rannta
15. Dúshláin léitheoireachta
16. Tascanna éisteachta

Focal Scoir

- Luath-thumoideachas ag feidhmiú in 105 bunscoil
- Béim ag méadú ar mhúineadh teanga/foclóra/gramadaí
- Nasc teanga á chruthú idir naíonraí/bunscoileanna/iar-bhunscoileanna
- Tacaíochtaí breise teagaisc sa chóras bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta
- Múinteoirí freagrach as tacaíocht don Ghaeilge i ngach iar-bhunscoil
- Cúntóir teanga i ngach scoil sa Scéim.
- Pleanálaí teanga agus pleanáil teanga ag láidriú
- Plé agus díospóireacht faoi theanga na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh de gheataí na scoileanna